2025/334

17.2.2025

CINNEADH (CBES) 2025/334 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Feabhra 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/583 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Eanáir 2024, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2722 (2024) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSCR), inar cáineadh go géar na hionsaithe a rinne na Houthi ar shoithí trádála agus tráchtála, inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé cearta agus saoirsí loingseoireachta a bheith á bhfeidhmiú ag soithí de chuid na Stát uile sa Mhuir Rua, lena n-áirítear soithí trádála agus tráchtála a dhéanann idirthuras trí Chaolas Baab al-Mandab, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, inar éilíodh ar na Houthi deireadh a chur láithreach le gach ionsaí den sórt sin, inar dearbhaíodh gur gá urraim a thabhairt d'fheidhmiú chearta agus shaoirsí loingseoireachta ag soithí trádála agus tráchtála, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus inar tugadh aird ar cheart Bhallstáit na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a soithí a chosaint ar ionsaithe, lena n-áirítear ionsaithe a bhaineann an bonn de na cearta agus na saoirsí loingseoireachta sin.

(2) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583 ([1]) lena mbunaítear oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(3) An 19 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/632 ([2]), lenar seoladh EUNAVFOR ASPIDES agus sainordú aige a mhairfidh go dtí an 18 Feabhra 2025.

(4) An 17 Deireadh Fómhair 2024, leag an Chomhairle Eorpach béim ar rannchuidiú ríthábhachtach EUNAVFOR ASPIDES maidir leis an tslándáil mhuirí agus an tsaoirse loingseoireachta a chur chun cinn, agus í ag iarradh an athuair ar na Houthi deireadh a chur láithreach leis na hionsaithe uile agus a ligean go bhféadfaí an tslándáil mhuirí a athbhunú.

(5) An 28 Samhain 2024, i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar an oibríocht, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le EUNAVFOR ASPIDES go dtí an 28 Feabhra 2026.

(6) An 21 Eanáir 2025, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála ina theannta sin, chun feasacht ar réimsí muirí sa Limistéar Oibríochta a áirithiú, gur cheart do EUNAVFOR ASPIDES faisnéis a bhailiú, sa bhreis ar na sonraí is gá chun soithí a chosaint, maidir le gáinneáil ar airm agus maidir le scáthchabhlaigh, d'fhonn an fhaisnéis sin a roinnt leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, le hOifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC), le hEagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (INTERPOL), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EUROPOL) agus leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), de réir mar is iomchuí.

(7) An 15 Eanáir 2025, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe UNSCR 2768 (2025), agus é á mheabhrú aici, go háirithe, a thábhachtaí atá an tslándáil mhuirí agus é á aithint aici go bhfuil sé ríthábhachtach an tslándáil mhuirí a choinneáil ar bun i réigiún na Mara Rua ar mhaithe le cobhsaíocht na slabhraí soláthair domhanda agus leis an bhforbairt eacnamaíoch. D'athdhearbhaigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an athuair a héileamh go gcuirfeadh na Houthi deireadh láithreach le na hionsaithe uile ar shoithí ceannaíochta agus tráchtála.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/583 a leasú dá réir sin,

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/632 ón gComhairle an 19 Feabhra 2024 lena seoltar an oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2024/632, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/632/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/583 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'6. Chun feasacht ar réimsí muirí sa Limistéar Oibríochta a áirithiú, baileoidh EUNAVFOR ASPIDES faisnéis, sa bhreis ar na sonraí is gá chun soithí a chosaint, maidir le gáinneáil ar airm agus maidir le scáthchabhlaigh, d'fhonn an fhaisnéis sin a roinnt leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, le hOifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC), le hEagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (INTERPOL), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EUROPOL) agus leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), de réir mar is iomchuí.';

(2) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Comhordóidh EUNAVFOR ASPIDES go dlúth leis an tionscal loingseoireachta, go háirithe tríd an Lárionad Slándála Muirí – an tAigéan Indiach (MSC IO).';

(3) in Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. EUR 17 400 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh na gcostas coiteann a bhaineann le EUNAVFOR ASPIDES ar feadh na tréimhse ón 19 Feabhra 2025 go dtí an 28 Feabhra 2026. Is 20 % i ngealltanais agus 20 % in íocaíochtaí a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509.';

(4) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (b):

'(b) suas go dtí an leibhéal "RESTREINT UE/EU RESTRICTED" le haghaidh faisnéis a scaoiltear le Djibouti, leis an Éigipt, le Comhairle Comhair na Murascaille agus lena Ballstáit, leis an India, agus le tríú Stáit eile arna n-ainmniú ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándáil.';

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'3a. Leis seo, údaraítear don Ardionadaí faisnéis a mhalartú, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla EUNAVFOR ASPIDES, le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) suas go dtí an leibhéal dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus ECAT maidir le Slándáil Faisnéise (*).

3b. Leis seo, údaraítear don Ardionadaí faisnéis arna bailiú maidir le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha le linn oibríochtaí EUNAVFOR ASPIDES a mhalartú le UNODC, INTERPOL agus EUROPOL. Déanfar an scaoileadh sonraí pearsanta, más ann dó, i gcomhréir le dlí Stát an tsoithigh nó an aerárthaigh a mbeidh na sonraí pearsanta sin á bpróiseáil aige.'

(*) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh maidir le Slándáil Faisnéise (IO L 80, 27.3.2003, lch. 36).';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Déanfar an scaoileadh agus an malartú faisnéise dá dtagraítear san Airteagal seo agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na cómhalartachta agus na cuimsitheachta. Láimhseálfaidh EUNAVFOR ASPIDES faisnéis rúnaicmithe a fhaightear gan beann ar náisiúntacht bhall foirne aonair agus ar bhonn riachtanais oibríochtúla amháin.';

(5) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR ASPIDES an 28 Feabhra 2026.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Déanfar athbhreithniú straitéiseach ar EUNAVFOR ASPIDES in 2025, a bheidh sioncrónaithe le measúnú straitéiseach ar EUNAVFOR ATALANTA.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Feabhra 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA